



OIFIG AICMITHE SCANNÁN NA HÉIREANN
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann

Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide



Clár Ábhair


Réamhrá	2
Ár nDaoine - Ceannaireacht agus Rialachas	3
Ár nDaoine - Ár bhfoireann a mhealladh	3
Ár Spriocanna	4
Ár Modh Oibre:	7
Ár bhFoirgnimh agus ár bhFeithiclí	7
Ceadú agus síniú	7

Réamhrá

Cuimsíonn Ráiteas Straitéise IFCO 2023-2025 gealltanais dul i dteagmháil le tionscnaimh ábhartha na hearnála poiblí agus tacú leo faoi Théama Straitéiseach 2, Sármhaitheas i Rialachas agus Éifeachtacht Acmhainní. Sainaithnítear Sainordú na hEarnála Poiblí um Gníomhú ar son na hAeráide

go sonrach agus tugann an Treochlár seo éifeacht phraiticiúil do ghealltanais IFCO ina leith seo. Bíodh is gur gníomhaireacht réasúnta beag san earnáil phoiblí í IFCO, is iad ár n-uaimhianta

maidir le gníomhú ar son na haeráide ná spriocanna sainordaithe 2030 a bhaint amach agus a shárú. Ó ghlac mé le ról an Stiúrthóra i mí an Mhárta 2023, chuaigh tiomantas na foirne chun ceannaireacht a sholáthar sa réimse seo i bhfeidhm orm. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an treochlár seo chun a chinntiú go bhfuilimid ag comhlíonadh ár ngealltanais agus chun deiseanna nua a aithint chun iad a shárú nuair is féidir. Cuirfear nuashonrú ar fáil ar ár ndul chun cinn i dTuarascáil Bhliantúil an IFCO agus i dtuarascálacha eile de réir mar is gá.



Ár nDaoine

Ceannaireacht agus Rialachas

Tá IFCO tiomanta do struchtúr ceannaireachta agus rialachais a bhunú a fheabhsóidh rannpháirtíocht na foirne le Gníomhú ar son na hAeráide. Cuirfidh IFCO rochtain ar oiliúint maidir le gníomhú ar son na haeráide ar fáil do gach ball foirne.

Glacfaidh Ciarán Kissane, Stiúrthóir um Aicmiú Scannán ról an Churaidh Aeráide agus Inbhuanaitheachta agus feidhmeoidh sé mar Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh freisin. Beidh sé freagrach as Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid IFCO a chur i bhfeidhm agus a thuirisciú ina leith agus as a chinntiú go

gcomhlíontar riachtanais uile an tSainordaithe um Gníomhú ar son na hAeráide.

Is iad Catherine Bowles (Ardoifigeach Feidhmíocháin) agus Aoife O'Connor (Oifigeach Feidhmíocháin) a bheidh ar an bhFoireann Ghlas. Cabhróidh Foireann Ghlas IFCO leis an gCuradh Aeráide agus Inbhuanaitheachta a chuid freagrachtaí a chur i bhfeidhm agus tuairisciú ina leith. Spreagfaidh siad rannpháirtíocht na foirne maidir le saincheisteanna aeráide agus éascóidh siad oiliúint chun cabhrú le smaointe agus gníomhartha a spreagadh chun cabhrú le feabhsuithe.

Ár bhfoireann a mhealladh

- Spreagfar gach ball foirne chun tabhairt faoi oiliúint maidir le gníomhú ar son na haeráide a chuideoidh le spriocanna IFCO maidir le gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach. Spreagfar baill foirne freisin chun dul i ngleic le tionscnaimh ghlasa, ag tosú le rannpháirtíocht IFCO i nDúshlán Walktober. Tá glacadh 100% foirne leis an gclár seo, a chuireann taisteal gníomhach agus inbhuanaithe chun cinn de réir Marc Taistil Níos Cliste.
- Reáchtálfaidh IFCO Ceardlann bhliantúil um Gníomhú ar son na hAeráide agus um Inbhuanaitheacht chun deis a thabhairt do gach ball foirne dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide. Díreofar sa cheardlann ar na bealaí inar féidir le baill foirne teacht le chéile chun lorg carbóin an IFCO a laghdú.
- Cuirfidh an Stiúrthóir cúrsa ceannaireachta oiriúnach um ghníomhú ar son na haeráide i gcrích.

Ár Spriocanna


1

Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa a Laghdú faoi 50% in 2030

Is é sprioc Gáis Ceaptha Teasa (GCT) IFCO ná 9 dTonna CO₂ faoi 2030. Léiríonn Uirlis 'Bearna go Sprioc' an SEAI (BgS) gurbh é 33 Tonna CO₂ an lorg carbóin a bhí againn in 2021. Samhlaíonn an uirlis BgS an cás gnó mar is gnách (GMIG) ag 5 Thonna de CO₂ faoi 2030. Is ionann sin agus bearna chun sprioc de 0 Tonna CO₂ a bhaint amach.

2

Feabhas ar sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh a mhéadú ó 33% in 2020 go 50% in 2030



Ó Bhunlíne Éifeachtúlachta Fuinnimh go 2022

Coigilteas Fuinnimh:

3.6% Níos Airde

Athrú san Ídiú Fuinnimh:

16.6% Níos Airde


Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh – 2022

EnPA 2022 = 16,540

$\frac{\text{kWh}}{\text{Coibhéisí Fostaithe Lánaimseartha}}$

Spríoc EnPA = 7,981

$\frac{\text{kWh}}{\text{Coibhéisí Fostaithe Lánaimseartha}}$



Is é ceann de na hastaitheoirí is suntasaí atá ag IFCO ná a seomra taispeána príobháideach ina bhfuil aonad teilgean pictiúrlainne agus atá lonnaithe inár n-oifig i Margadh na Feirme. Tá sé beartaithe againn an t-aonad reatha a uasghrádú go haonad níos tíosaí ar fhuinneamh faoi 2030. Rinneadh athbhreithniú ar an gcóras reatha in 2023 agus is é 2027 an tréimhse ama réamh-mheasta chun an t-aonad a athsholáthar. Déanfar athbhreithniú ar seo go bliantúil. Tá buiséad go leor i bhfeidhm faoi láthair ag IFCO don uasghrádú seo.

Ár Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh a Bhaint Amach

- Iniúchadh fuinnimh a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar an méid fuinnimh atá á chaitheamh agus ar na réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu.
- Seiceáil chothabhála ar threalamh - múchfar gach seanthrealamh agus trealamh lochtach agus bainfear é lena athchúrsáil. Samhaltáin níos tíosaí ar fhuinneamh a chur in ionad trealaimh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar aonaid aerchóirithe agus téimh: a chinntiú nach bhfeidhmíonn siad ach ag eatraimh sceidealaithe. Déanfar cothabháil rialta ar na haonaid.
- Aonad teilgean pictiúrlainne a uasghrádú le leagan níos tíosaí ar fhuinneamh roimh 2030.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcóras reatha in 2023 agus is é 2027 an tréimhse ama réamh-mheasta chun an t-aonad a athsholáthar. Déanfar athbhreithniú ar seo go bliantúil.

- Soilsiú oifige a uasghrádú chun a chinntiú gur bolgán éifeachtach ó thaobh fuinnimh LED iad
- Múchadh - cinntigh go múchtar na soilse go léir agus go múchtar na haonaid go léir sa tráthnóna, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire.
- Obair chumaisc a éascú - cead a thabhairt don fhoireann oibriú ón mbaile nuair is féidir.
- Teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann - baill foirne a chur ar an eolas agus a spreagadh chun réimsí a bhaineann le cur amú fuinnimh a aithint agus tuairisc a thabhairt orthu.



Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide a nuashonrú go bliantúil de réir Sainordú nuashonraithe na hEarnála Poiblí um Gníomhú ar son na hAeráide

Ár Modh Oibre

Déanfaimid na bearta seo a leanas:

- Clár Bainistíochta Fuinnimh agus Comhshaoil a chur le chéile atá oiriúnach dár méid ag baint úsáide as an treoir agus na huirlisí a sholáthraíonn SEAI.
- Tuairisc a thabhairt ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT) agus gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta i dtuarascáil bhliantúil IFCO
- Tús áite a thabhairt do Dhigitiú na bPróiseas. Aistreoimid i dtreo bheith inár n-oifig gan pháipéar agus cinnteoidimid go n-aistreofar gach próiseas Ceadúnais, Amharclannaíochta agus Siamsaíocht sa Bhaile go hiomlán ar líne. Sa chás go bhfuil páipéar ag teastáil, déanfaimid páipéar athchúrsáilte amháin a fháil agus a úsáid.
- Déanfaimid iarracht ar ár Soláthar a Ghlasú. Féachfaimid le hearraí agus seirbhísí a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu a aimsiú. Cuirfimid critéir ghlasa san áireamh agus earraí agus seirbhísí á soláthar againn agus déanfaimid tagairt do Threoir an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le Soláthar Poiblí Glas (GPP). Cuirfimid córas ar bun chun sonraí GPP a thaifeadadh agus a thuairisciú.
- Dramháil san oifig a laghdú. Bainfimid ábhair aon úsáide nuair is féidir agus cuirfimid laghdú, athúsáid agus athchúrsáil chun cinn ar fud na hoifige.

Ár bhFoirgnimh agus ár bhFeithiclí

- Cuirfidh IFCO an rothaíocht chun cinn trí limistéar slán inrochtana atá oiriúnach do rothair a bhunú san fhoirgneamh agus i saoráidí eile a spreagann an rothaíocht.
- Laghdóidh IFCO a spásanna páirceála gluaisteán faoi 2030, agus cinnteoidh sé go gcoinneofar dóthain páirceála dóibh siúd a bhfuil fadhbanna soghluaiseachta fisiciúla acu.
- Rachaidh IFCO i dteagmháil leis an OPW maidir le héifeachtúlacht fuinnimh an fhoirgnimh a fheabhsú agus maidir leis an bplean soláthar foirgnimh.

Ceadú agus síniú

Dr Ciarán Kissane

An Dr. Ciarán Kissane, Stiúrthóir, Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann



OIFIG AICMITHE SCANNÁN NA HÉIREANN
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE